



An Roinn Oideachais  
Department of Education

# Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais

Márta 2021

## 1. Réamhrá

Is é aidhm an doiciméid seo ná treoir a sholáthar maidir le hábhair ina mbíonn trealamh in úsáid chun tacú le gnéithe praiticiúla na n-ábhar sin a chur i bhfeidhm go sábháilte.

Tá an chomhairle seo ailínithe leis an gcomhairle sláinte poiblí ón Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC) maidir le hathoscailt shábháilte scoileanna agus áiseanna oideachais. Tá mionsonraí na comhairle sin ar fáil [anseo](#). Tá Plean Freagartha COVID-19 na Roinne do na hIarbhunscoileanna ábhartha agus tá fáil air [anseo](#).

Tá na bearta a mholtar sa treoir seo faoi réir athraithe de réir aon chomhairle eile a d'fhéadfadh an Roinn Oideachais a eisiúint. **B'fhéidir go mbeidh ar scoileanna an chomhairle a thugtar sa cháipéis seo a chur in oiriúint faoi réir na comhairle sláinte poiblí agus na srianta a bheidh i bhfeidhm ag an am, suas go dtí leibhéal 5 agus an leibhéal sin san áireamh.**

Ar cheann de na príomhdhúshláin tá an leibhéal cothromaíochta is gá idir cúram praiticiúil agus ciallmhar a ghlacadh agus timpeallacht thacúil a sholáthar don teagasc agus don fhoghlaim. Aithnítear sa treoir seo na céimeanna is féidir le ranna ábhair a chur i bhfeidhm chun COVID-19 a chosc sa scoil agus a chinntiú ag an am céanna gur féidir le scoláirí páirt a ghlacadh i ngnéithe praiticiúla na n-ábhar atá á staidéar acu.

Is cóir pleananna suíocháin a eagrú do gach rang-ghrúpa agus is cóir don mhúinteoir ábhair iad sin a choinneáil. A mhéid is féidir, is cóir scoláirí ón rang bunaidh céanna a chur ina suí le chéile. Ina theannta sin, beidh glanadh seomraí agus trealamh, agus an gá le freagracht phearsanta ó scoláirí, ríthábhachtach ionas go leanann feidhmhiú rathúil na seomraí praiticiúla.

Beidh éagsúlachtaí ó scoil go scoil maidir le leagan amach na seomraí ranga, an trealamh, na saoráidí agus na nósanna imeachta eagrúcháin ó lá go lá do na hábhair phraiticiúla. Dá bhrí sin, beidh ar ranna ábhair machnamh a dhéanamh ar a gcomhthéacs féin agus pleanáil go cuí le cur ar chumas scoláirí, múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta timpeallacht shábháilte a bheith acu.

Beidh ar bhainistíocht na scoile ciarsúir dhíghalraithe agus boscaí bruscair a sholáthar chun ciarsúir a dhiúscairt ag aonaid oibre agus/nó in aice leis an trealamh sna seomraí ranga praiticiúla.

Tá a lán de na bearta atá á moladh níos praiticiúla i gceachtanna dúbailte nó uair an chloig; dá bhrí sin, moltar do ranna ábhair breathnú ar an tslí ina n-eagraítear na gnéithe praiticiúla agus teoriciúla den tsonraíocht. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh sé níos

ciallmhaire pleanáil do cheacht teoirice sna ceachtanna aonair agus na gnéithe praiticiúla a dhéanamh sna ceachtanna dúbailte.

## **2. Teicneolaíocht Adhmaid/Staidéar Foirgníochta, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Fheidhmeach/ Teicneolaíocht agus Grafaic/Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC)**

- Caithfear na meaisíní agus na huirlisí láimhe go léir a ghlanadh/a dhíghalrú nuair a bhíonn an ceacht deireanach thart gach lá.
- Do gach ceacht ar leith, is cóir do na scoláirí na meaisíní agus na huirlisí a ghlanadh (le ciarsúir) agus is cóir dóibh seo a bheith mar chuid de na gnáthnósanna imeachta tí don ghlanadh sna seomraí ranga praiticiúla ar nós áiteanna oibre a ghlanadh síos, urláir a scuabadh agus glanadh suas go ginearálta. Mar shampla, má úsáideann scoláire druil philéar, is cóir ciarsúir dhíglraithe a bheith ar fáil in aice leis an meaisín seo agus is cóir do scoláirí aon áiteanna teagmhála a ghlanadh tar éis gach úsáide. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh úsáid ciarsúr an dath a thréigean ar na codanna adhmaid de na huirlisí láimhe. Má tharlaíonn a leithéid moltar roinnt ola mianraí nua nó a leithéid a chur ar an adhmaid chun é a chosaint. Ba mhaith a leithéid a dhéanamh ar an Aoine mar go dtriomóidh an ola isteach thar an deireadh seachtaine.
- Más indéanta, ní cóir do scoláirí ach na huirlisí láimhe atá curtha ar fáil dóibh a úsáid agus ní cóir iad sin a mhalartú le scoláirí eile. Mar shampla, i gceacht Teicneolaíocht Adhmaid, ní cóir do scoláirí ach úsáid a bhaint as na siséil, an mallach agus an trealamh marcála atá tugtha dóibh. Más gá uirlisí láimhe ar nós téipeanna tomhais agus calipéirí vernier a roinnt, is cóir iad a ghlanadh idir gach úsáid.
- Chun ábhair a bheidh in úsáid agus á láimhseáil ag scoláirí a ullmhú, ar nós miotal, peirspictíocht, páipéar agus adhmaid, is cóir do mhúinteoirí lámhainní a chaitheamh chun teagmháil dhíreach a sheachaint, má bhíonn sé sábháilte a leithéid a dhéanamh. Is cóir a leithéid céanna de chur chuige a úsáid nuair a bhíonn an t-ábhar seo á dháileadh ar scoláirí. Más indéanta, is cóir cur chuige comhchosúil a úsáid agus an t-ábhar seo á thabhairt do mhic léinn. Nuair is féidir, is cóir spás stórais ar leith a chur ar fáil sa seomra ranga do gach rang-ghrúpa ar leith chun a dtrealamh a stóráil idir ranganna ionas go ndéantar an baol úsáide nó teagmhála ó scoláirí eile leis na hábhair a laghdú.
- Is cóir speaclaí sábháilteachta dá gcuid féin a bheith ag scoláirí ábhair Theicneolaíochta chun trealamh ar nós sábhchrios nó an scrollbharra a úsáid. Is cóir

do gach scoláire iad seo a choinneáil agus a stóráil go sábháilte agus iad a ghlanadh sa bhaile gach tráthnóna. Má bhíonn níos mó ná ceann amháin de na hábhair phraiticiúla (Eolaíocht san áireamh) á dhéanamh ag scoláire, is leor péire amháin spéaclaí sábháilteachta.

- Do léirithe praiticiúla, d'fhéadfaí teicneolaíocht dhigiteach ar nós amharcléiritheoir a úsáid chun an gá le scoláirí a bheith grúpáilte le chéile a laghdú. Tá go leor amharcléitheoirí ábalta léirithe a thairfeadh agus cruthóidh sé sin tacaíocht bhreise do scoláirí.
- Tá sé ríthábhachtach clúdaigh aghaidhe a chaitheamh sna ceachtanna agus aon ghluaiseacht timpeall an tseomra nach bhfuil riachtanach a sheachaint.

## 3. Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh

### 3.1 Trealamh agus inneallra mór

- Caithfear gach trealamh mór, meaisíní agus uirlisí lámhe a ghlanadh/ a dhíghalrú nuair a bhíonn an ceacht deireanach thart gach lá.
- Do gach ceacht ar leith, is cóir do na scoláirí na meaisíní agus na huirlisí a ghlanadh (le ciarsúir dhíghalraithe) agus is cóir do na scoláirí a leithéid a dhéanamh mar chuid de na gnáthnósanna imeachta tí don ghlanadh sna seomraí ranga praiticiúla ar nós áiteanna oibre agus cláir líníochta a ghlanadh síos, urláir a scuabadh agus glanadh suas go ginearálta. Mar shampla, má úsáideann scoláire clóphreas, is cóir ciarsúir dhíghalraithe a bheith ar fáil in aice leis an bpreas agus is cóir do scoláirí aon áiteanna teagmhála a ghlanadh tar éis gach úsáide.
- Is cóir do scoláirí ciarsúir dhíghalraithe a úsáid chun bíní agus cláir líníochta (má bhíonn siad in úsáid) a ghlanadh ag deireadh gach ceachta.

### 3.2 Trealamh, ábhair agus uirlisí lámhe aonair

- Más féidir, is cóir pacáistí ealaíne aonair a bheith ag scoláirí ina mbíonn uirlisí agus ábhair a bhíonn in úsáid go laethúil ar nós pinn luaidhe, scuaba péint, péinteanna, pinn luaidhe daite, pastail, gualaigh, trealamh tomhais, tráidire meascáin, leabhar sceitse/nótaí, scriosán, bioróir, siosúr. Is cóir do gach roinn ealaíne ábhar na bpacáistí ealaíne a oiriúnú chun freastal ar riachtanais a ngrúpaí scoile/ranga. D'fhéadfaí é seo a chur san áireamh ar leabharliosta na scoláirí nó d'fhéadfadh an scoil iad a sholáthar mar chuid de threalamh/ábhair iomlán na roinne ealaíne.
- Más indéanta, ní cóir do scoláirí ach na huirlisí/an trealamh atá tugtha dóibh a úsáid agus ní cóir iad a mhalartú le scoláirí eile. Mar shampla, i gceacht priontála líníole, ní cóir do scoláirí ach trealamh an uirlis ghearrtha, an bharen agus chrúca bínse a thugtar dóibh a úsáid. Más féidir, is cóir uirlisí aonair a shannadh do ghrúpa ranga le linn an tionscadail/aonaid foghlama agus is cóir iad seo a stóráil idir ceachtanna i málaí zipghlasála (nó a leithéid) ar a bhfuil ainm orthu. Má bhíonn trealamh ar nós feadáin dúch agus rollóirí á roinnt, is cóir iad a ghlanadh idir gach úsáid.
- Is cóir do scoláirí a bpailléid agus a scuab féin a ní ag deireadh ceachta. Is cóir do mhúinteoirí úsáid doirteal na scoláirí a thréimhsiú chun fadú sóisialta a chinntiú. Is cóir do scoláirí a lámha a ní go maith tar éis dóibh an doirteal a úsáid. Is cóir sconnaí agus doirtíl a ghlanadh síos le ciarsúir dhíghalraithe ag deireadh an cheachta.
- Chun ábhair na scoláirí, ar nós cré, cláir líníochta, páipéar agus péint, a ullmhú agus a lámhseáil is cóir do mhúinteoirí lámhainní a chaitheamh chun teagmháil dhíreach a sheachaint, má bhíonn sé sábháilte a leithéid a dhéanamh. Is cóir lámhainní a

dhiúscairt tar éis gach úsáide. Is cóir cur chuige dá leithéid céanna a bheith ann nuair a bhíonn ábhair á dtabhairt amach do scoláirí agus nuair a bhíonn ábhair nó obair á bhailiú uathu.

- Chun plódú timpeall ar limistéir stórála a sheachaint, is cóir do scoláirí obair fhliuch a fhágáil ar a mbinsí ag deireadh an cheachta ionas gur féidir le múinteoirí iad a chur ar na frámaí triomaithe. Is cóir do mhúinteoirí an obair atá idir lámha ag scoláirí a dháileadh amach ag tús na gceachtanna, agus a chinntiú go ndéantar teagmháil dhíreach a sheachaint.
- Nuair is féidir, is cóir do gach scoláire a bpósaí oibre a stóráil ina dtaisceadáin chun teagmháil ó dhaoine eile a sheachaint. B'fhéidir nach mbeidh sé indéanta fillteáin A2 agus píosáí oibre níos mó a stóráil ina dtaisceadáin. Nuair is féidir, is cóir tosaíocht a thabhairt do líníochtaí/pictiúir ar féidir iad a stóráil i leabhair sceitse. Is cóir áiteanna stórais sa seomra ealaíne a choinneáil do pháis oibre níos mó, de réir mar is gá.

### **3.3 Pleanáil don fhadú sóisialta**

- Nuair a bhíonn aonaid foghlama á bpleanáil acu, is cóir do mhúinteoirí an ts lí ina ndéanfar trealamh a dháileadh ar ghrúpaí ranga don tionscadal/aonad oibre a mheas, chun trasghalrú a sheachaint. Is cóir do gach ball den roinn ealaíne pleanáil le chéile chun forluí úsáide trealamh a íoslághdú trí réimsí foghlama a rothlú más féidir. Mar shampla, má bhíonn trealamh ceirmeach in úsáid ag 'rang-ghrúpa A', d'fhéadfadh rang-ghrúpaí eile a leithéid de threalamh a sheachaint go dtí go mbíonn a dtionscnamh críochnaithe ag 'rang-ghrúpa A' agus go dtí go mbíonn an trealamh uile díghalraithe. Beidh tábhacht ar leith ag baint leis seo nuair a bhíonn seomraí ranga agus/nó uirlisí agus trealamh á roinnt ag ranganna.
- Is cóir do leagan amach na seomraí ealaíona a bheith de réir na comhairle ginearálta atá tugtha don fhadú sóisialta do shláinte agus sábháilteachta. Tá sé tábhachtach go mbíonn clúdaigh aghaidhe á gcaitheamh le linn na gceachtanna.
- Do cheachtanna léirithe, d'fhéadfaí teicneolaíocht dhigiteach ar nós amharcléitheoir a úsáid chun an gá le scoláirí a ghrúpáil le chéile a laghdú. Tá sé de chumas ag a lán amharcléitheoirí taispeántais a thairfeadh agus cuirfidh sé sin tacaíocht bhreise ar fáil do scoláirí.

## 4. Ceol

- Faoi láthair, is cóir amhránaíocht agus seinm roinnt gaothuirlisí a íoslaghdú mar gheall ar bhaol galraithe breise.
- Nuair a bhíonn gá le gníomhaíochtaí dá leithéid sin, is cóir measúnú riosca a dhéanamh ar mhéid an spáis, na leibhéil aerála laistigh den spás, agus suíomh na n-amhránaithe/seinnteoírí le fadú sóisialta méadaithe eatarthu.
- Is cóir aon taibhiú ranga a bheith ar siúl i spás dea-aeráilte agus fadú sóisialta a dheimhniú. Ní cóir níos mó ná 10 nóiméad a chaitheamh le gníomhaíocht dá leithéid agus an spás a aeráil go cuí ina dhiaidh sin. Is cóir scoláirí a bheith cúl le cúl nó taobh le taobh. Seachain canadh agus seinm aghaidh ar aghaidh.
- Maidir le scileanna taibhithe a fhorbairt, b'fhéidir go mbeidh ar mhúinteoirí, san idirlinn, an scil a léiriú agus a shamhaltú. Is féidir le scoláirí an scil a chleachtadh sa bhaile, a n-iarrachtaí a thaifeadadh agus iad a chur chuig an múinteoir ar líne.
- Is cóir gach iarracht a dhéanamh gan uirlisí, ar nós cnaguirlisí beaga, a roinnt. B'fhéidir go mbeidh gá le huirlisí a dháileadh ar scoláirí faoi leith; is cóir na huirlisí seo a dhíghalrú sula n-úsáidtear iad agus tar éis iad a úsáid. Má bhíonn a n-uirlisí féin ag scoláirí, is cóir dóibh iad sin a thabhairt leo, agus a dheimhniú go mbíonn siad díghalraithe go cuí agus nach roinntear iad le daoine eile.
- Sula ndéantar méarchláir, pianónna agus uirlisí ranga eile a sheinm, is cóir do gach duine a bhíonn ag seinm a lámha a ní nó a dhíghalrú. Is cóir na heochracha pianó a dhíghalrú le héadaí glantacháin sula ndéantar iad a sheinm agus nuair bhíonn an tseinm thart.
- Is cóir fadú sóisialta a dheimhniú idir an pianódóir agus taibheoirí eile agus i measc na dtaibheoirí go léir.
- Is cóir trealamh fuaim, seastáin ceoil agus gléasanna eile atá in úsáid a ghlanadh síos go rialta.
- Beidh sé tábhachtach treoracha an déantóra a leanúint maidir le méarchláir leictreonacha agus gléasanna leictreonacha eile a ghlanadh agus a dhíghalrú.
- Is cóir grúpaí scoile seach-churaclaim níos mó ar nós cóir, agus tionóil ghaoithe agus phráis a sheachaint faoi láthair.

## 5. Eolaíocht

### 5.1 Réamhrá

Tá solúbthacht ag múinteoirí machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr le trealamh saotharlainne agus TCP a bhainistiú go sábháilte laistigh de shrianta na dtreoirlínte sláinte poiblí reatha agus comhthéacs a scoile féin á chur san áireamh acu. Léiríonn na treoirlínte seo sampla de na rudáí is féidir a mheas nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh faoi fheidhmiú an churaclaim, lena n-áirítear deis a thabhairt do scoláirí a bheith páirteach i dturgnaimh eolaíochta.

### 5.2 Mionsocruithe

- Más ábhar roghnach í an Eolaíocht ina mbíonn scoláirí ó bhunranganna éagsúla, is cóir do na scoláirí suí le scoláirí óna rang-ghrúpa féin.
- Tá sé tábhachtach clúdaigh aghaidhe a chaitheamh i rith na gceachtanna. Más indéanta, is cóir gach spás atá ar fáil a úsáid agus a athchoiriú chun fadú fisiceach a dheimhniú.
- Is cóir méid na ngrúpaí a choinneáil chomh beag agus is féidir don obair phraiticiúil, de réir mar a cheadaíonn acmhainní agus spás, agus is cóir do scoláirí a bheith ag obair i ngrúpaí scoite a mhéid is féidir.
- Beidh sé ríthábhachtach réimeanna glantacháin fheabhsaithe a bheith sna saotharlanna agus scoláirí a bheith ag glacadh freagrachta phearsanta ionas go leanann feidhmiú rathúil na saotharlanna.
- Más indéanta, is cóir sláintíocht láimhe neamh-alcóilbhunaithe nó ciarsúir dhíghalraithe atá bog ar an gcráiceann a úsáid sna saotharlanna. Má úsáidtear glóthacha alcóil, is cóir a bheith san airdeall aon fhoinsí adhainte a sheachaint.
- Is cóir do scoláirí ciarsúir dhíghalraithe a úsáid chun a mbínse agus nó a gcathaoir/stól a ghlanadh nuair a bhíonn siad ag teacht amach agus ag fágáil an tseomra.
- Is é an socrú is fearr maidir le spéaclaí sábháilteachta ná go mbeadh a súilchosaint féin, le lipéad orthu, ag gach scoláire agus go ndéantar iad a chur i dtaisce agus a ghlanadh go sábháilte gach tráthnóna. Ní cóir do scoláirí spéaclaí sábháilteachta a roinnt. Is cóir do gach ball foirne a shúilchosaint féin a bheith aige/aici.
- Ní cóir cotaí saotharlainne a roinnt ach amháin más féidir iad a ghlanadh idir gach úsáid. Más gá, d'fhéadfadh scoláirí seanléine a chaitheamh chun a gcuid éadaí a chosaint.
- Más féidir, is cóir iarracht a dhéanamh gan acmhainní saotharlainne a roinnt idir grúpaí nó a leithéid de chleachtas a íoslaghdú.



- Nuair nach bhfuil aon dul as ach trealamh saotharlainne a roinnt idir scoláirí, is cóir gach píosa trealamh roinnte a ghlanadh / a chuimilt síos idir gach úsáid.
- Is cóir earraí gloine a ghlanadh tar éis iad a úsáid trí níos déanaí de lámh in uisce te gallúnaí ag baint úsáid as glantach baictéaricídeach agus iad a thriomú le tuáille páipéir. Is cóir trealamh eile ar nós trealamh leictreach príomhchumhachta, sconnaí gáis agus soicéid a chuimilt go críochnúil, agus aird ar leith a dhíriú ar dhromchlaí a mbítear i dteagmháil leo, ar nós lasca.
- Is cóir tosaíocht a thabhairt do scoláirí na sraithe sinsearaí maidir le micreascóip a úsáid. Agus é sin á dhéanamh, is cóir do scoláirí a speaclaí sábháilteachta féin a úsáid agus is cóir lionsa agus rothaí fócais na micreascóipe a ghlanadh idir gach úsáid.
- Is cóir do na ranna eolaíochta a measúnuithe riosca ar iniúchtaí a athbhreithniú de réir na dtreoirí sláinte poiblí reatha. Faoi láthair, ní cóir gníomhaíochtaí a bhaineann le seile, mar shampla sampláil cille leice, úsáid seile mar fhoinsé aimiléise, nó soip a úsáid (mar shampla, séideadh isteach in aoluisce nó orgánaigh bheaga a bhailiú le pútair). Má bhíonn scoláirí ag iniúchadh tionchar aclaíochta ar ráta anáilithe nó cuisle d'fhéadfaí a leithéid sin a dhéanamh sa bhaile agus na torthaí a phlé sa rang.
- San Eolaíocht Talmhaíochta, is cóir cloí leis na riachtanais sláinte a bhíonn i bhfeidhm ag an am má bhíonn cuairteanna feirme nó allamuigh ag tarlú. Murar féidir an chuairt a dhéanamh, is cóir pleanáil d'fhoghlaim chomhionann scoile, mar shampla turas fíorúil ar fheirm.
- Má bhíonn gníomhaíocht ann ina mbíonn sé deacair an trealamh a bhíonn in úsáid a ghlanadh, b'fhéidir go mbeidh gá le léiriú fíorúil. Chun an gá le grúpáil scoláirí a laghdú má bhíonn léiriú á thabhairt ag an múinteoir, d'fhéadfaí amharcléiritheoir nó ceamara fón póca a cheangal leis an teilgeoir sonraí. Thabharfadh taifeadadh ar an léiriú deis do na scoláirí é a rochtain sa bhaile nuair a bhíonn siad ag athdhéanamh.
- Toisc go mbeidh trealamh breise glantacháin i gceist, caithfear am a chur ar fáil do seo ag tús na gceachtanna; tá a leithéid de bhearta níos oiriúnaí do ranganna dúbailte nó uair an chloig seachas do cheachtanna aonair.

## 6. Corpoideachas

- Tá gníomhaíocht choirp (Corpoideachas) tábhachtach agus is cóir scoláirí a spreagadh le bheith páirteach i gcorpoideachas ach iad a bheith sláintiúil. Moltar i gcónaí gan scoláirí a bheith ag traenáil/aclaíocht mura mbíonn siad ar fónamh.
- Moltar, más indéanta, go dtarlódh na ranganna corpoideachais lasmuigh. Murar féidir a leithéid a dhéanamh, is cóir doirse seachtracha an halla corpoideachais a fhágaint ar oscailt.
- Má bhíonn obair i ngrúpaí ar bun, is cóir do scoláirí fanacht sa ghrúpa céanna le linn an cheachta. Mar is ionann le gach gníomhaíocht fisiceach i ngrúpaí, ní mór a mheabhúr gur mó an réimse scaipthe braoiníní riospráide agus mar sin is cóir níos mó spáis a cheadú idir na rannpháirtithe nuair is féidir agus de réir chomhairle sláinte poiblí.
- Bí cinnte nach ndéantar buidéal uisce a roinnt. Is cóir do gach scoláire a b(h)uidéal uisce agus a t(h)uáille féin a thabhairt agus lipéad soiléir a bheith air. Ní mholtar nithe atá deacair a ghlanadh nó a dhíghalrú a roinnt. Ní cóir cead a thabhairt tuáillí, éadaí, nó earraí eile a úsáidtear chun aghaidheanna nó lámha a ghlanadh a roinnt. Ní cóir geansaithe foirne ná bibeanna scoile a úsáid ach má bhíonn sé sin riachtanach amach is amach. Ina leithéid de chásanna, is cóir iad a ní ag an teocht is airde tar éis gach úsáide.
- Tá lánchosc ar seilí a chaitheamh.
- Ní cóir feadóga a úsáid laistigh; is féidir meicníochtaí eile a úsáid chun aird na scoláirí a dhíriú.
- Is cóir treoracha fisiciúla a bheith le feiceáil, ar nós comharthaí nó marcálacha ar urláir nó ar pháirceanna, lena dheimhniú go dtuigeann múinteoirí agus scoláirí na riachtanais maidir le fadú sóisialta. Is cóir fad a chruthú idir scoláirí nuair a bhíonn druileanna nó rialacha cluiche á míniú.
- Má bhíonn gá le léirithe praiticiúla, b'fhéidir go mbeidh ar an múinteoir an léiriú a athdhéanamh do roinnt grúpaí níos lú. Cuideoidh sé seo le cosc a chur le scoláirí a bheith ag grúpáil le chéile. Is cóir teagmháil fhisiciúil neamhriachtanach, ar nós bosa arda, croitheadh láimhe nó barróga a dhímholadh. Is cóir bealaí ceiliúrtha malartacha nó beannachtaí neamhtheagmhála a úsáid.
- Maidir le spóirt teagmhála, moltar an ghné teagmhála den spórt a sheachaint agus díriú ar aclaíocht agus scileanna, ionas gur féidir an fadú sóisialta a choinneáil.

- Déan trealamh a roinntear a ghlanadh agus a dhíghalrú idir úsáidí ag daoine éagsúla. Maidir le gach ceacht aonair, is cóir do scoláirí an trealamh a ghlanadh (le ciarsúir dhíghalraithe) tar éis dóibh iad a úsáid.
- Do nithe atá deacair iad a dhíghalrú ar nós clogaid, caithfidh scoláirí a gcinn féin a thabhairt leo, más féidir.
- Beidh díghalrú rialta de dhíth ar na leithris chun caighdeán sláinteachais cuí a choinneáil.
- Is cóir cur chuige scoile uile a aontú ionas gur féidir le scoláirí an éide/trealamh corpoideachais a chaitheamh ar an lá a mbíonn corpoideachas acu ionas nach gá na seomraí feistis pobail a úsáid nuair nach mbíonn sé riachtanach.
- Beidh pleanáil ranna ábhair ríthábhachtach lena dheimhniú go ndéantar na gníomhaíochtaí/réimsí curaclaim atá le múineadh a roghnú go cúramach ionas go laghdaítear an gá le dlúth-theagmháil. Nuair a bhítear ag pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú, is cóir do roinn an Chorpoideachais sonraíochtaí an ábhair a athbhreithniú agus torthaí foghlama neamhtheagmhála agus a d'fhéadfaí a dhéanamh go haonair agus go cianda (do scoláirí nach féidir leo freastal ar scoil) a aithint. Beidh tábhacht ar leith leis seo do scoileanna a mbíonn Corpoideachas na hArdteistiméireachta á ofráil acu agus go mbíonn srianta COVID-19 i bhfeidhm ar na gníomhaíochtaí praiticiúla a roghnaíodh.
- Inis do thuismitheoirí faoi na bearta agus na rialacha nua a mbeidh gá iad a chur i bhfeidhm mar thoradh ar COVID-19 sula dtosaíonn an Corpoideachas athuair. Bí cinnte go dtuigeann thuismitheoirí agus scoláirí cé na bearta atá éigeantach.
- Caithfear gníomhaíochtaí fisiceacha seach-churaclaim ag am lóin agus tar éis scoile a phlé agus cinneadh a dhéanamh maidir lena n-inmharthanacht.
- Má bhíonn áiseanna spóirt á ligean amach ar cíos ag scoileanna, mar shampla, um thráthnóna nó ag an deireadh seachtaine, is cóir dóibh measúnú riosca a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil gealltanais ann go gcloífeadh le gach treoir sláinte poiblí. Ar an gcaoi chéanna, má bhíonn áiseanna seachtracha á n-úsáid ag scoileanna, is cóir measúnú riosca den chineál céanna a dhéanamh agus bearta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear leis an treoir.
- Bí cinnte go mbíonn sláintitheoirí láimhe ar fáil láimh leis an halla corpoideachais agus/nó san ionad gléasta.
- Nuair is féidir, is cóir cúrsaíocht aon-bhealach a sholáthar le dul isteach / amach as an láthair corpoideachais.

- Is cóir tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí aonair toisc nach mbíonn an baol céanna ag baint leo seo. Áirítear ar liosta de na ghníomhaíochtaí ina bhfuil an riosca íseal/meánach:
  - Lúthchleasaíocht – léim, gníomhaíochtaí ina mbíonn rith (seachas sealaíocht); d'fhéadfaí gníomhaíochtaí ina mbíonn caitheamh a chur san áireamh, ar nós meáchain, teasc, sleá agus ord a chaitheamh ach bheadh gá an trealamh a ghlanadh síos tar éis gach úsáide agus, dá bhrí sin, b'fhéidir nach mbeadh a leithéid indéanta.
  - Gníomhaíochtaí eachtraíochta - treodóireacht, cadhcáil
  - Gníomhaíochtaí aeistéitiúla - léirithe damhsa aonair agus gleacaíochta
  - Cluichí cúirte roinnte – badmantan, leadóg, leadóg boird. D'fhéadfaí eitpheil, scuais agus liathróid láimhe a chur san áireamh ach toisc go mbíonn imreoirí ag roinnt an spáis chúirte chéanna sna gníomhaíochtaí seo d'fhéadfadh riosca beag breise a bheith i gceist leo
  - Cluichí páirce — seisiúin scileanna ina ndéantar scileanna a fhorbairt lasmuigh de chomhthéacs cluiche
  - Gníomhaíocht a bhaineann le sláinte/ cleachtadh agus aclaíocht phearsanta – cleachtadh cuarda nó gníomhaíochtaí eile a dhéantar go haonair; d'fhéadfaí traenáil meáchan a chur san áireamh má ghlanann gach rannpháirtí an trealamh tar éis dó/di é a úsáid
  - Gnéithe teoriciúla den fhoghlaim – mar shampla, gníomhaíocht choirp, eitic agus gnéithe cothroma de Chorpoidéachas na hArdteistiméireachta a chothú. Mar aon leis sin, d'fhéadfaí staidéar a dhéanamh ar aon cheann ghnéithe eile chlár Corpoideachais na hArdteistiméireachta (gníomhaíocht choirp agus ionchuimsiú, teicneolaíocht, na meáin agus spórt, inscne agus gníomhaíocht choirp, gnó agus fiontar i ngníomhaíocht choirp agus spórt).

B'fhéidir go mbeidh gá le ham breise ag tús agus/nó ag deireadh na gceachtanna Corpoideachais le deis a thabhairt chun an trealamh a úsáideadh a ghlanadh. Más féidir, is cóir do scoláirí an trealamh a chuimilt/ghlanadh ag deireadh an cheachta. Is cóir glanadh/díghalrú níos críochnúla a dhéanamh ar an trealamh go léir a úsáideadh ag deireadh an lae scoile.

## **6.1 Treoirínte Forlíontacha do Scoileanna maidir le: Corpoideachas agus Spórt Scoile le linn Covid-19.**

Caithfidh scoileanna cloí i gcónaí le treoirlínte sláinte poiblí nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi oiriúnacht aon ghníomhaíochtaí coirp a bhaineann leis an scoil, cibé a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh de shuíomh traidisiúnta an tseomra ranga.

Tá treoir agus soiléiriú breise ar fáil sa nóta seo maidir le trí réimse den ghníomhaíocht choirp ar leithligh, ach ceangal acu lena chéile, agus is iad sin:

1. Ceachtanna Corpoideachais an Churaclaim
2. Gníomhaíocht choirp chomhchuraclaim
3. Spórt seach-churaclaim agus gníomhaíocht choirp

Tugtar treoir freisin maidir le hAghaidhmhaisc agus Seomraí Feistis a úsáid.

### **6.1.1 Ceachtanna Corpoideachais an Churaclaim**

Caithfear idirdhealú soiléir a dhéanamh idir spórt, go háirithe spórt sa phobal, agus ceachtanna Corpoideachais toisc go mbíonn réimse gníomhaíochtaí i gceist le ceachtanna Corpoideachais nach mbíonn spóirt foirne agus aonair ach mar ghné amháin díobh seo. Dá bhrí sin, ba chóir ceachtanna Corpoideachais a bheith ar an gclár ama mar is gnáth más féidir le linn paindéime Covid-19, cé go mb'fhéidir go mbeidh gá le hoiriúnaithe ar an raon gníomhaíochtaí a dhéantar.

Cé go bhféadfadh gníomhaíochtaí tarlú suas go Grád 3 de mholtaí eatramhacha COVID 19 an LFCS (HPSC) maidir le filleadh ar ghníomhaíochtaí spóirt do leanaí agus d'ógánaigh (ar fail [anseo](#)) ag brath ar na treoirlínte sláinte poiblí a bhíonn i bhfeidhm ag aon am ar bith, ba chóir tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí aonair agus do ghníomhaíochtaí lasmuigh i gceachtanna Corpoideachais toisc nach mbíonn an baol céanna i gceist leo seo.

Mura mbíonn fáil ar an halla Corpoideachais nuair a bhíonn ceachtanna corpoideachais ar an gclár ama, ba chóir breathnú ar roghanna eile. Ba chóir, áfach, tosaíocht do sholáthar ceachtanna corpoideachais a bheith mar seo a leanas:

- a. Ceachtanna Corpoideachais faoin aer. Ba chóir cloí le bearta sláinte poiblí agus réamhchúraimí Covid-19 agus an raon gníomhaíochtaí a oiriúnú de réir threoirlínte na Roinne Oideachais d'ábhair phraiticiúla.
- b. Ceachtanna Corpoideachais faoin aer agus laistigh (ag úsáid áiseanna laistigh agus lasmuigh na scoile de réir mar is gá le linn drochaimsire). Ba chóir cloí le bearta sláinte poiblí agus réamhchúraimí Covid-19 agus an raon gníomhaíochtaí a oiriúnú de réir threoirlínte na Roinne Oideachais d'ábhair phraiticiúla.
- c. Le linn drochaimsire agus i gcúinsí nuair nach mbíonn fáil ar an halla Corpoideachais, b'fhéidir go bhféadfaí ceachtanna corpoideachais a eagrú i halla pobail áitiúil nó in áit sheachtrach eile (ionad folláine áitiúil, ar chúirteanna, sa linn

snámha srl.) faoi réir chomhaontú na saoráide áitiúla. Má roghnaíonn scoil saoráid áitiúil a úsáid, ba chóir don scoil a bheith sásta go bhfuil an tsaoráid ag cloí le bearta sláinte poiblí agus réamhchúraimí Covid-19. Ba chóir an raon gníomhaíochtaí a oiriúnú de réir threoirlínte na Roinne Oideachais d'ábhair phraiticiúla.

- d. Féadfaidh scoláirí dul ag siúl/rith/rothaíocht mar chuid d'aonad foghlama le linn am an cheachta corpoideachais. Ba chóir cloí le bearta sláinte poiblí agus réamhchúraimí Covid-19.
- e. Scoláirí a mbíonn ceacht teoirice á dhéanamh acu ar shláinte/corpacmhainn/cothú/folláine srl. Ba chóir cloí le bearta sláinte poiblí agus réamhchúraimí Covid-19

### **6.1.2 Gníomhaíocht choirp chomhchuraclaim**

Baineann sé seo le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tarlú le linn ceachta Corpoideachais, ach nach gá iad bheith ag tarlú i ngnáthshuíomh na scoile, m.sh. ócáid Treodóireachta i gcoill nó i bpáirc áitiúil, nó ócáid Eitpheile/Spikeball ag saoráid áitiúil. Níor chóir go dtarlódh imeachtaí den chineál seo ach má cheadaíonn na rialacháin sláinte poiblí a bhíonn i bhfeidhm ag an am sin iad. Níor chóir dearmad a dhéanamh ar an mbaol méadaithe maidir le tolgadh Covid-19 a scaipeadh níos forleithne má bhíonn scoláirí ag meascadh le scoláirí ó scoil nó scoileanna eile agus dá bhrí sin ní mholtar a leithéid. Ba chóir do scoileanna a bheith san airdeall freisin go mbaineann deacrachtaí le hiompar chuig aon ócáid comhchuraclaim a bhíonn ar siúl lasmuigh den scoil mar go mbeidh gá le busanna breisechun an fadú sóisialta a éascú.

### **6.1.3 Spórt seach-churaclaim agus gníomhaíocht choirp**

Ba chóir do scoileanna breathnú ar threoir an LFCS (HPSC) chun treoir bhreise a fháil maidir le *Filleadh ar Spórt COVID-19 Moltaí eatramhacha don fhilleadh ar ghníomhaíochtaí spóirt do leanaí agus d'ógánaigh*. Ní hionann gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus gnáthcheachtanna Corpoideachais sa mhéid is go bhféadtar scoláirí a thógáil ó go leor ranganna agus bliainghrúpaí éagsúla do thraenáil nó imeachtaí iomaíocha. Dá réir sin, baineann riosca méadaithe le scaipeadh níos forleithne ar Covid-19. Ba chóir do scoileanna a bhfuil sainchomhairle á lorg acu faoi ghníomhaíochtaí áirithe dul i gcomhairle leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta (NGB) don spórt nó don gníomhaíocht choirp áirithe sin.

## **6.2 Aghaidhmhaisc**

Tá sé soiléir i *Plean Freagartha COVID-19 maidir le hathoscailt shábháilte agus inbhuanaithe Iar-Bhunscoileanna* agus i *Soiléiriú maidir le clúdaigh aghaidhe a úsáid in*

*Iar-Bhunscoileanna* (<https://www.gov.ie/filleadharscoil>), seachas i gcás eisceachtaí áirithe, go gcaithfear clúdaigh aghaidhe a chaitheamh in iar-bhunscoileanna. Ba choir cloí leis an treoir seo i gcás gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl laistigh.

### **6.3 Seomraí Feistis**

Má bhíonn áiseanna lasmuigh den scoil á rochtain ag scoileanna, ba chóir na treoirlínte sláinte poiblí maidir le húsáid seomraí feistis ag an saoráid áirithe atá á rochtain a leanúint.

Ar scoil, níor chóir go mbeadh gá le seomraí feistis a úsáid má ligtear do scoláirí teacht agus imeacht ón scoil ina bhfeisteas corpoideachais ar na laethanta a mbíonn ceachtanna corpoideachais acu. D'fhéadfadh in amanna, áfach, go mbeadh gá leis na seomraí feistis a úsáid. Más amhlaidh, ba chóir plé le húsáid seomraí feistis na scoile ar aon dul le húsáid aon saoráide scoile eile, i.e. úsáid a cheadú ach cloí leis na réamhchúraimí sábháilteachta Covid-19. B'fhéidir go gciallóidh a leithéid na seomraí feistis a úsáid de réir a chéile ag grúpaí níos lú de 8-12 scoláire (ag brath ar mhéid na seomraí) chun fadú fisiceach a dheimhniú. Ba chóir go n-iarrfaí ar scoláirí an áit a bhí in úsáid acu a ghlanadh síos/ a dhíghalrú tar éis dóibh í a úsáid. Níl cead áiseanna cithfholctha a úsáid, de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí atá ann faoi láthair.

## 7. Eacnamaíocht Bhaile

### 7.1 Socruithe oibre do scoláirí i gceachtanna praiticiúla .

#### 7.1.1 Staidéar ar bhia

Lena dheimhniú gur féidir timpeallacht oibre shábháilte agus phraiticiúil a sholáthar, moltar go mbíonn scoláire amháin ar a mhéad ag gach stáisiún oibre d'obair phraiticiúil an cheachta; dá réir sin, d'fhéadfadh go mbeadh ar scoláirí an obair phraiticiúil a dhéanamh gach ré ceacht. D'fhéadfadh scoláirí nach mbíonn an obair phraiticiúil á déanamh acu tascanna eile a bhfuil baint acu leis an obair phraiticiúil a dhéanamh.

#### 7.1.2 Teicstílí

Nuair a bhíonn obair theicstílí praiticiúla á déanamh acu, is cóir do scoláirí a dtrealamh féin a úsáid nó is cóir trealamh a chur ar fáil dóibh dá n-úsáid féin amháin le linn an tionscadail. Nuair is indéanta, nuair a bhítear ag pleanáil d'aonaid foghlama, is cóir fócas na hoibre praiticiúla do theicstílí a bheith ar cheardanna nach mbíonn gá le hinneall fuála dóibh. Nuair a bhíonn inneall fuála in úsáid, is cóir do scoláirí a bheith ag obair leo féin, a bheith sciliúil go leor le bheith ag obair go neamhspleách, agus gach áit theagmhála ar an inneall a ghlanadh síos le ciarsúir dhíghalraithe i ndiaidh na húsáide.

### 7.2 Pleanáil

- Is cóir do mhúinteoirí pleanáil chun scoláirí a oiliúint faoi na nósanna imeachta breise a gcaithfear cloí leo i gceachtanna praiticiúla chun timpeallacht shábháilte oibre a dheimhniú don uile dhuine ag an am seo; mar shampla, is cóir treoir a sholáthar maidir le ciarsúir dhíghalraithe a úsáid go sábháilte ar fhearais leictreacha.
- Mar is gnáth, is cóir fócas na ranganna praiticiúla a bheith ar scileanna praiticiúla, nós imeachta agus cognaíoch a fhorbairt. Nuair a bhíonn aonaid foghlama á bpleanáil, is cóir do mhúinteoirí an tslí inar féidir na scileanna sin a fhorbairt ina scoil i gcomhthéacs COVID-19 a mheas.

*Mar shampla, tá ceacht praiticiúil á phleanáil ag múinteoir do scoláirí a raibh an iarta cócaireáin agus an oigheann in úsáid acu roimhe seo. Tá níos lú cócairí sa seomra staidéir bia ná mar atá stáisiún oibre. Tá na cuspóirí seo a leanas deartha ag an múinteoir: beidh scoláirí abalta oinniún a mhionghearradh i bpíosaí cothroma, a gcuid eolais agus a dtuiscint ar threoirínte sábháilteachta bia agus sláinteachais a chur i bhfeidhm chun traséilliú a chosc, agus an tslí ina bhfeidhmíonn ubh mar chomhábhar ceangailteach a úsáid agus a mhíniú. Má shocraíonn an múinteoir oideas borgaire mairteola a úsáid chun na hintinní foghlama seo a chur i gcrích is cuma má dhéanann na scoláirí na borgairí mairteola a fhriochadh nó a bhácáil toisc nach bhfuil an modh cócaireachta mar chuspóir foghlama sa cheacht.*



- Is cóir iarracht gan béilí a dhéanamh ina mbíonn ar níos mó ná scoláire amháin an iarta céanna a úsáid do thréimhse suntasach den ama ranga. I gcásanna ina bhfuil úsáid an iarta mar chuid lárnach de chuspóir foghlama an cheachta agus ina mbíonn an iarta céanna in úsáid ag roinnt scoláirí, d'fhéadfadh múinteoirí féachaint an féidir an t-ord oibre a athrú chun rochtain rothlach ar iartaí a bheith ag scoláirí. *Mar shampla, nuair a bhíonn mionbhruar úll á dhéanamh, d'fhéadfadh leath de na scoláirí na húlla a ullmhú agus a stobhadh ar an iarta fad a bhíonn crústa an mhionbhruair agus an mias á n-ullmhú ag na scoláirí eile, agus vice versa.*
- Má bhíonn sé i gceist ag múinteoirí go dtabharfaidh scoláirí comhábhair shomheasta isteach ar scoil, is cóir socruithe a dhéanamh go háitiúil chun an bia a stóráil go slán agus gluaiseacht na scoláirí i bhfoirgneamh na scoile a íoslaghdú.

### 7.3 Socruithe eile i gceachtanna praiticiúla

- Ba chóir aeráil mheicniúil agus fuinneoga a úsáid d'fhonn aeráil mhaith a chinntiú sna seomraí ranga.
- Tá sé tábhachtach go gcaitear clúdaigh aghaidhe le linn na gceachtanna.
- Aon uair is féidir, is cóir acmhainní nach féidir a ní go héasca, nó a chuimilt síos go héasca, a bhaint ó na stáisiúin oibre. Is cóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar an trealamh a bhíonn ag na stáisiúin oibre agus aon nithe nach bhfuil riachtanach a thógáint ón áit agus iad a dháileadh amach de réir mar a bhíonn gá leo.
- Is cóir machnamh agus iniúchadh a dhéanamh ar chórais a úsáid a laghdaíonn gluaiseacht scoláirí óna stáisiúin oibre timpeall an tseomra; mar shampla, is cóir trealamh a stóráil ag na stáisiúin oibre seachas go lárnach, agus is cóir do na múinteoirí trealamh agus comhábhair speisialaithe a dháileadh amach (más cuí). Má bhíonn ar scoláirí gluaiseacht timpeall an tseomra ranga, mar shampla nuair a bhíonn boscaí bruscair á n-ullmhú, is cóir gluaiseacht a cheadú de réir a chéile chuig na háiteanna sin sa seomra ranga.
- I roinnt scoileanna, cuirtear na comhábhair ar fáil do na scoláirí. Nuair a bhíonn comhábhair á láimhseáil agus á ndáileadh ag múinteoirí, is cóir lámhainní a chaitheamh chun teagmháil dhíreach leis na comhábhair a sheachaint. Is cóir lámhainní a dhiúscairt idir tascanna. D'fhéadfaí a leithéid de chur chuige a ghlacadh nuair a bhíonn trealamh speisialaithe nach bhfuil ar fáil ag na stáisiúin oibre á dháileadh agus á bhailiú.
- Ina lán scoileanna, soláthraíonn an scoil roinnt de na comhábhair a bhíonn in úsáid go minic. Is féidir a rá le scoláirí na comhábhair go léir a thabhairt leo nó is féidir leis an scoil leanúint le roinnt comhábhar a sholáthar; mar shampla, d'fhéadfaí salann agus piobar aonair agus buidéal ola cócaireachta a chur ag gach stáisiún oibre. Is cóir a leithéid, má úsáidtear iad, a ghlanadh le ciarsúir dhíghalraithe tar éis iad a úsáid.

- Do léirithe praiticiúla, d'fhéadfaí teicneolaíocht dhigiteach ar nós amharcléiritheoir a úsáid chun an gá le scoláirí a bheith grúpáilte le chéile a laghdú. Tá go leor amharcléitheoirí ábalta léirithe a thaifeadadh agus cruthóidh sé sin tacaíocht bhreise do scoláirí.
- Is cóir do scoláirí pointí teagmhála ar threalamh, ar nós cnaipí coicearáin, a ghlanadh síos le ciarsúir dhíghalraithe tar éis iad a úsáid. Is cóir ciarsúir dhíghalraithe agus boscaí bruscair a sholáthar chun ciarsúir a dhiúscairt ag aonaid oibre agus/nó in aice leis an trealamh, lena n-áirítear micreathonnta.
- Is cóir gach éadach, tuáillí, lámhainní oigheann agus naprúin a ní ag deireadh gach ceachta. Más féidir, is cóir do scoláirí a naprún, lámhainní oigheann, éadach agus tuáillí féin a thabhairt leo agus iad a thabhairt abhaile don níos chéad. Nuair nach féidir a leithéid a dhéanamh, is cóir do mhúinteoirí lámhainní a chaitheamh agus iad ag láimhseáil earraí a bhíonn úsáidte. Má tharlaíonn go nítear earraí ar scoil, is cóir a bheith ríshoiléir faoi na hearraí atá glan agus salach. Go hidéalach, ba chóir éadaí a ní ag baint úsáid as ciogal níos chéad atá te (60°C ar a laghad) agus iad a thriomú i dtriomadóir ansin.
- Toisc go mbeidh scoláirí ag obair go neamhspleách, b'fhéidir go dtabharfaidh múinteoirí cead dóibh a mbia féin a bhlaiseadh chun meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre. I gcásanna mar seo, ba chóir do scoláirí a sceanra féin nó sceanra aon uaire a úsáid chun an bia a bhlaiseadh. Mar is iondúil, is cóir a leithéid a dhéanamh go sláinteach. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaí an mheastóireacht ar bhlaís agus uaigeacht na mbéilí nó na dtáirgí a dhéanamh mar thasc obair bhaile.
- Mar is gnáth do gach ceacht, is cóir do na scoláirí an trealamh/na huirlisí a bhíonn in úsáid a ghlanadh agus a leithéid a bheith mar chuid de na nósanna imeachta tís. Mura mbíonn doirteal ar fáil do gach stáisiún oibre, chun fadú sóisialta a choinneáil, is cóir do mhúinteoirí rochtain ar dhoirteal a cheadú diaidh ar ndiaidh agus báisíní níos chéad a chur ar fáil ag na stáisiúin oibre. Sula ndéantar an níos chéad, is cóir do scoláirí a lámha a ní go maith, agus an bord draenála/cuntar oibre a dhíghalrú. Is cóir miasa a ní le huisce te agus le leacht níos chéad dhíghalraithe. Sula ndéantar trealamh/uirlisí a thriomú, is cóir do scoláirí a lámha a dhíghalrú. Nuair a bhíonn miasa á dtriomú, is cóir tuáille tae glan a úsáid agus na hearraí a chur ag na stáisiúin oibre/sna cófraí.
- Ag deireadh gach ceachta, is cóir do scoláirí úsáid a bhaint as ciarsúir/spraeanna dhíghalraithe chun na dromchlaí oibre a bhí in úsáid agus pointí teagmhála ar nós hanlaí na gcófraí a ghlanadh .
- Is cóir dromchlaí oibre agus pointí teagmhála a ghlanadh/ a dhíghalrú nuair a bhíonn an ceacht deireanach thart gach lá.

## 8. Gruagaireacht agus Áilleacht

### 8.1 Réamhrá

Is é aidhm an nóta treorach seo ná sainchomhairle a sholáthar maidir le ceachtanna praiticiúla don Speisialtóireacht Gairme Gruagaireacht agus Áilleacht san Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF). Tá an chomhairle seo ailínithe leis an gcomhairle sláinte poiblí atá á sholáthar ag an Lárionad Faireachais um Chosaint Sláinte (LFCS) d'athoscailt shábháilte scoileanna agus áiseanna oideachais. Tá sonraí na comhairle sin ar fáil [anseo](#).

Tá na bearta a mholtar sa treoir seo faoi réir athraithe de réir comhairle bhreise a d'fhéadfadh an Roinn Oideachais a eisiúint.

D'fhoilsigh Cónaidhm Thionscal Gruaige agus Scéimhe na hÉireann (HABIC) nótaí treorach bainteach le COVID-19 do ghruagairí agus do shiopaí bearbóra, mar aon le sciamhlanna. Is féidir na doiciméid seo a rochtain ag [www.habic.ie](http://www.habic.ie)

Tá roinnt céimeanna luaite sa treoir ar féidir le múinteoirí Gruagaireachta agus Áilleachta a ghlacadh chun deis a thabhairt do scoláirí na hArdteistiméireachta Feidmí (ATF) páirt a ghlacadh a mhéid agus is féidir i ngnéithe praiticiúla an ábhair.

Ceann de na príomhdhúshláin nuair a bhítear ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim sa Ghruagaireacht agus Áilleacht ná an gá le cothromaíocht idir leibhéal praiticiúil agus ciallmhar cúraim agus timpeallacht a sholáthar a thugann deis do scoláirí na scileanna praiticiúla riachtanacha a fhorbairt chun na Torthaí Foghlama a bhaint amach, mar atá mínithe i dTuairisceoir Modúl na ATF don Ghruagaireacht agus Áilleacht.

### 8.2 Saoráidí speisialtóra a eagrú

- Ní hionann na saoráidí agus na socrúithe speisialtóra do cheachtanna praiticiúla i nGruagaireacht agus Áilleacht ó scoil go scoil maidir le: (i) leagan amach fisiceach (ii) an spás atá ar fáil sa seomra (iii) éagsúlacht agus cineál na saoráidí agus an trealaimh in situ agus (iv) líon na scoláirí a bhfuil Gruagaireacht agus Áilleacht á dhéanamh acu. Dá bhrí sin, is iad na scoileanna féin is fearr a dhéanfaidh cinneadh maidir le hathchóirithe cuí an tseomra chun fadú fisiceach a bharrfheabhsú.
- Tá solúbthacht ag múinteoirí breathnú maidir leis an mbealach is fearr chun gníomhaíochtaí ceachta a bhainistiú go sábháilte, agus ba chóir dóibh eagrúcháin na gceachtanna praiticiúla agus na riachtanas TCP a mheas agus a oiriúnú, laistigh de shrianta na dtreoirínte sláinte poiblí reatha agus comhthéacs na scoile féin san áireamh.

- Ba chóir do mhúinteoirí, mar chuid den phleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, athbhreithniú a dhéanamh ar an raon gníomhaíochtaí praiticiúla a bhaineann de ghnáth le Gruagaireacht agus Áilleacht agus na measúnuithe riosca do na gníomhaíochtaí seo a athchóiriú, de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí reatha.
- Beidh ar bhainistíocht scoileanna raon Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) a sholáthar, Tomhaltáin agus Trealamh don seomra praiticiúil ionas gur féidir na ceachtanna a dhéanamh de réir na comhairle sláinte poiblí. Áirítear leis seo soláthar sláintíochta láimhe, gallúnach láimhe, tuáillí páipéir indiúscartha, ciarsúir indiúscartha, lámhainní indiúscartha, aghaidhchlúdaigh chuí, naprúin indiúscartha, aon chlúdaigh chosanta is gá do thoscáin ar nós leapacha cóireála nó cathaoireacha salón, agus glantacháin chuí don díghalrú ag deireadh an cheachta.
- I gcásanna ina bhfuil sé deacair fadú fisiceach a choinneáil, ba chóir breathnú maidir leis an ngá le scáileán cosanta oiriúnach a shuiteáil chun tacú le timpeallacht shábháilte idir stáisiúin oibre, báisíní níocháin, nó le linn cóireálacha ar nós lámh-mhaisiú nó ealaín ingne.

### 8.3 Ceacht praiticiúil a eagrú

- Chun fadú fisiceach a choinneáil agus a chinntiú ionas gur féidir timpeallacht oibre sábháilte agus praiticiúil a sholáthar, b'fhéidir go mbeidh gá teorainn a chur leis an líon scoláirí sa cheacht praiticiúil. D'fhéadfadh go dtarlódh mar thoradh air seo go ndéanfaidh scoláirí an obair phraiticiúil gach ceachtanna. Ba chóir do scoláirí nach mbíonn an obair phraiticiúil á déanamh acu tascanna bainteach leis an obair phraiticiúil a dhéanamh.
- Ba chóir obair a dháileadh ar scoláirí i mbeirteanna scoite do na seisiúin phraiticiúla. Ós rud é go mbíonn scoláirí ATF sa bhunrang céanna do gach ábhar de ghnáth, d'fhéadfadh scoláirí a bheith ag obair sna grúpaí scoite céanna do gach ábhar, mar bhealach chun teagmhálacha sóisialta a íoslaghdú.
- Sna ceachtanna Gruagaireachta agus Áilleachta, is féidir ról an chleachtóra-scoláire agus an duine atá mar chuspa a athrú laistigh de gach péire scoláire chun teagmhálacha sóisialta a íoslaghdú. Más féidir, ba chóir stáisiúin oibre a leithdháileadh go comhsheasmhach ar an mbeirt chéanna laistigh de gach grúpa ranga.
- D'fhéadfaí breathnú maidir le mainicíní a úsáid in ionad scoláirí a bheith mar chuspaí nuair a bhítear ag tacú le forbairt scileanna i réimsí mar theicnící suathaireachta aghaidhe. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go bhféadfadh scoláirí na scileanna a foghlaimíodh tríd na teicnící féin-chur a shamhaltú; mar shampla féin-chur don smideadh.

- Ba chóir do scoláirí a dtáirgí agus a dtrealamh féin a úsáid le linn an cheachta, nó trealamh agus táirgí a chur ar fáil dóibh dá n-úsáid féin amháin le linn an chúrsa.
- Ba chóir trealamh a roinntear a íoslaghdú. Ba chóir aon trealamh a roinntear a ghlanadh agus a dhíghalrú go smior idir gach úsáid. Níor chóir napruín ná fallaingeacha a roinnt idir scoláirí le linn ceachtanna.
- Ba chóir cur amach a bheith ag gach scoláire ar shláinteachas lámhe agus ar bhéasaíocht riospráide cuí. Ba chóir do scoláirí a lámha a ní go smior roimh agus tar éis gach cóireála, agus sláintitheoir lámhe a úsáid sula bhfreastalaíonn siad ar an duine atá mar mhainicín acu nó nuair a bhíonn sos á ghlacadh acu agus nuair a bhíonn siad ag tosú athuair ar an obair le linn cóireála níos faide.
- In aon suíomh ina mbíonn gá le lámhainní, caithfear scoláirí a oiliúint maidir lena n-úsáid agus tá gá le sláinteachas lámhe sula gcuireann siad lámhainní orthu agus ina dhiaidh sin. Ní cóir lámhainní a úsáid riamh in ionad sláinteachas lámhe.
- Tá sé tábhachtach aghaidh-chlúdaigh chuí a chaitheamh le linn ceachtanna agus ba chóir gluaiseacht gan ghá sa seomra a sheachaint. Coimeád 1 mhéadar ar a laghad nó an fad is indéanta go réasúnta. Murar féidir fadú fisiceach a choinneáil ba chóir bearta cosanta malartacha a chur i bhfeidhm. Mar shampla: scáileán cosanta a úsáid le linn lámh-mhaisithe nó nuair a bhíonn ealaín ingne á dhéanamh.
- Ba chóir don scoláire-cleachtóir an comhairliúchán agus an tseirbhís/an chóireáil a dhéanamh, a oiread agus is féidir, ó chúl cheann an duine atá mar mhainicín. Ba chóir don scoláire-cleachtóir a c(h)orp a shocrú a oiread agus is féidir chun an fadú fisiceach a mhéadú.
- Níor chóir do scoláirí irisí nó sólaistí a sholáthar dá samhail le linn cóireála/stíle nó dá éis.
- Ba chóir an trealamh go léir a ghlanadh/a dhíghalrú go smior ag deireadh an cheachta. Ba chóir gach stáisiún oibre, cathaoireacha/leapacha cóireála, áiteanna oibre, báisín níocháin agus timpeallacht san áireamh, a ghlanadh agus a dhíghalrú ag deireadh an cheachta. Ba chóir buidéal agus clúdaigh táirge a scríosadh agus a ghlanadh go cuí freisin. Ba chóir gach dromchla ardtadhaill a ghlanadh agus a dhíghalrú go rialta.
- Ba chóir gach ceimiceán glantacháin agus díghalraithe a úsáid agus a stóráil de réir threoracha an déantóra.
- Ag deireadh cóireála/ stíle/ceachta, ba chóir earraí indiúscartha TCP a chur i mbosca bruscair agus iad a dhiúscairt de réir na dtreoirínte sláinte poiblí is déanaí. Ba chóir lámhainní indiúscartha a chaitheamh nuair a bhíonn earraí athúsáidte á lámhseáil.
- Mura n-úsáidtear earraí indiúscartha, níor chóir gnáth-thuáillí ná gnáth-fhallaingeacha a úsáid ach uair amháin, agus ag deireadh an cheachta, ba chóir iad a sciúradh i

meaisín nócháin ar thimthriall te (60°C ar a laghad) agus iad a thriomú ansin sa triomadóir. Ba chóir lámhainní a chaitheamh nuair a bhíonn na hearraí athúsáidte á láimhseáil. Ba chóir earraí nóchána glan agus salach a choinneáil in áiteanna ar leithligh sa seomra.

- Ag deireadh gach ceachta ba chóir do gach scoláire a lámha a ní go rímhaith.
- Nuair a bhítear ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba chóir breathnú maidir le cuir chuige teagaisc a thacaíonn le scoláirí roinnt de na scileanna praiticiúla a chleachtadh sa bhaile. Ina leithéid de chásanna, d'fhéadfaí léiriú an mhúinteora a úsáid, agus d'fhéadfaí taifeadtaí cuí de ghearrfhíseáin míniúcháin a chur ar fáil do dhaltaí chun tacú le forbairt scileanna.

## 9. Teicneolaíochtaí Digiteacha

Tá solúbthacht ag múinteoirí maidir leis an tslí is fearr le trealamh leictreonach agus TCP a bhainistiú go sábháilte laistigh de pharaiméadair na dtreoirlínte sláinte poiblí reatha agus comhthéacs a scoile féin á chur san áireamh acu. Tá sampla sna treoirlínte a leanas de na rudaí is féidir a chur san áireamh nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh faoi fheidhmiú an churaclaim, lena n-áirítear deis a thabhairt do scoláirí páirt phraiticiúil a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ríomhaire-bhunaithe. Baineann na treoirlínte seo le húsáid trealaimh leictreonaigh sna suímh seo a leanas:

- Seomraí Ríomhaireachta Tiomnaithe agus Seomraí Ranga le ríomhairí/gléasanna atá á roinnt
- Gléasanna soghluaiste roinnte ar nós iad siúd ar thralaí in-athluchtaithe iniompartha

### 9.1 Seomraí Ríomhaireachta Tiomnaithe agus Seomraí Ranga

- Toisc nach ionann socruithe na seomraí ríomhaireachta maidir le: (i) leagan amach fisiceach (ii) an spás atá ar fáil sa seomra (iii) an trealamh agus (iv) líon na scoláirí, is iad na múinteoirí agus na ceannairí scoile féin is fearr a dhéanfaidh cinneadh maidir leis na hathchóirithe cuí agus na hathruithe oibríochtúla is gá chun fadú fisiceach a chothabháil.
- Nuair nach féidir fadú fisiceach de 1m ar a laghad a choinneáil, moltar go mbeadh scoláire amháin ar a mhéad ag stáisiúin oibre don obair phraiticiúil i rith ceachta; d'fhéadfadh, mar thoradh air seo, go mbeidh an obair phraiticiúil á déanamh ag scoláirí ar laethanta nó ar ceachtanna malartacha. D'fhéadfadh scoláirí nach gcríochnaíonn obair phraiticiúil tascanna bainteach leis an obair phraiticiúil sin a dhéanamh.
- Tá sé an-tábhachtach fuinneoga agus doirse a oscailt chun aer úr a ligean isteach d'fhonn cúrsaíocht mhaith d'aer a chinntiú le linn ceachtanna agus go háirithe eatarthu de réir mar atá leagtha amach i *Céimeanna Praiticiúla chun Dea-Chleachtais Aerála a Úsáid i Scoileanna*

### 9.2 Gléasanna Soghluaiste/Inaistrithe Comhroinnte

Ba chóir comhroinnt acmhainní idir scoláirí a sheachaint/a íoslaghdú más féidir. Nuair nach féidir comhroinnt trealaimh idir scoláirí a sheachaint, ba chóir gach píosa trealaimh comhroinnte a ghlanadh idir gach úsáid agus dea-nósanna imeachta maidir le sláinteachas láimhe maith a chur i bhfeidhm.

### 9.3 Trealamh Leictreonach a Ghlanadh agus a Dhíghalrú

- Tá sé tábhachtach go leanann scoileanna treoracha an déantóra maidir le gléasanna leictreonaigh a ghlanadh agus a dhíghalrú.

- Ba chóir dromchlaí teagmhála na ngléasanna leictreonacha a ghlanadh go rialta agus sláinteachas láimhe a mhealladh. Mar shampla,
  - Ag tús agus ag deireadh gach ceachta, ba chóir do scoláirí agus/nó do mhúinteoirí an fhoinsé cumhachta a dhícheangal ar dtús.
  - Ansin ba chóir dromchla a méarchlár, a scáileáin tadhaill nó luch na ríomhairí, na ríomhairí glúine, na dtáibléid nó na bprintéirí a ghlanadh síos. Déantar an glanadh trí chiamsúir alcóil-bhunaithe a úsáid nó éadach saor ó lint a spraeáil le tuaslagán 70% alcóil.
  - Ba chóir an dromchla a thriomú tríd is tríd sula n-úsáidtear é.
- B'fhéidir go bhféadfaí breathnú maidir le clúdaigh ar féidir iad a ghlanadh síos a úsáid do ghléasanna leictreonacha chun glanadh clúdaigh méarchlár dá leithéid a éascú.

#### **9.4 Úsáid Gléasanna Leabaithe**

Nuair a bhíonn gléasanna leabaithe in úsáid ag scoláirí (nó aonaid micreaphróiseálaí in úsáid) ar nós Micro:bit ba chóir iad seo a stóráil go daingean i gcoimeádán plaisteach a éascóidh glanadh idir úsáidí nuair a bhíonn siad á stóráil ar scoil. Ba cheart rochtain na ngléasanna ag ilúsáideoirí a sheachaint/a íoslaghdú. Má bhíonn ilúsáideoirí i gceist, tá sé tábhachtach go leanann scoileanna treoracha an déantóra maidir le gléasanna leictreonacha a ghlanadh agus a dhíghalrú.